AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.3.2025
COM(2025) 70 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE


Tuarascáil airgeadais leathbhliantúil maidir le cur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus na n-oibríochtaí iasachtaithe gaolmhara de bhun Airteagal 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún

An 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024


Clár


1. Achoimre 3
2. Réamhrá 4
3. Cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta sa dara leath de 2024 4
4. Costas an chistithe agus iarmhéideanna leachtachta 8
5. Bearta chun éiceachóras bhannaí an Aontais a fhorbairt a thuilleadh 11
6. Garspriocanna eile sa dara leath de 2024 12
7. Ionchas eisiúna don chéad leath de 2025 13

CISTIÚ A CRUINNÍODH in L2 2024



ÚSÁID FÁLTAS





Na méideanna uile in EUR

BANNAÍ AN AONTAIS GAN ÍOC

an 31/12/2024

Total €578.2 billion



EUR 147.8 billiún droim-le-droim

EUR 430.4 billiún de bhannaí iomlána faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin,
ar gnáthbhannaí an Aontais EUR 362.2 billiún díobh
ar bannaí glasa Next Generation EU EUR 68.2 billiún díobh

PRÍOMHFHÍORAIS faoi L2 2024

- Le ceithre shindeacáitiú agus sé cheant, cruinníodh EUR 64.3 billiún, le meánaibíocht thart ar 12 bhliain, rud a fhágann gurb é EUR 138.1 billiún iomlán an chistithe fhadtéarmaigh a cruinníodh in 2024.
- Úsáideadh formhór na gcistí le haghaidh Next Generation EU (EUR 72.2 billiún) le heisíocaíochtaí breise faoin tSaoráid don Úcráin (EUR 5.2 billiún) agus faoi na cláir iasachta cúnaimh macrairgeadais don Éigipt (EUR 1 bhilliún) agus don Mholdóiv (EUR 95 mhilliún).
- Ba é 2.97 % costas an chistithe le haghaidh Next Generation EU (i gcomparáid le 3.19 % sa chéad leath de 2024), agus 2.68 % le haghaidh na Saoráide don Úcráin agus cúnamh macrairgeadais don Éigipt.

1. Achoimre

Sa dara leath de 2024, chruinnigh an tAontas EUR 64.3 billiún i gcistiú fadtéarmach trí bhíthin ceithre shindeacáitiú agus sé cheant, i gcomhréir leis an sprioc sa phlean cistiúcháin a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024. Cruinníodh EUR 8 mbilliún den EUR 64.3 billiún sin i gcistiú fadtéarmach trí bhannaí glasa Next Generation EU (NGEU). In éineacht leis an EUR 73.8 billiún a cruinníodh sa chéad leath de 2024, agus leis na heisiúintí sin tugadh an cistiú fadtéarmach iomlán a cruinníodh in 2024 go EUR 138.1 billiún — an méid is airde i mbannaí arna n-eisiúint ag an Aontas in aon bhliain amháin. Faoi dheireadh 2024, bhí EUR 578.2 billiún i mBannaí an Aontais gan íoc ag an Aontas (le meánaibíocht iarmhair thart ar 12 bhliain), a raibh EUR 68.2 billiún díobh i bhfoirm bhannaí glasa NGEU.

Chuir na fáltais a cruinníodh ó eisiúintí bhannaí an Aontais ar a chumas don Choimisiún leanúint de bheith ag freagairt do thosaíochtaí beartais laistigh den Aontas agus dá chomharsanacht. Go sonrach sa dara leath de 2024, eisíocadh EUR 72.2 billiún de na fáltais sin chun infheistíochtaí agus athchóirithe NGEU a chur chun feidhme. Fuair an Úcráin EUR 5.2 billiún faoin tSaoráid don Úcráin, agus úsáideadh EUR 1.1 billiún breise i bhfáltais chun EUR 1 bhilliún agus EUR 95 mhilliún i gcúnamh macrairgeadais a mhaoiniú don Éigipt agus don Mholdóiv faoi seach.

Lean costas cistiúcháin an Aontais[1] de bheith ag laghdú go 2.97 %, i gcomparáid le 3.19 % don tréimhse chistiúcháin roimhe sin. Míníodh an laghdú ar chostas foriomlán cistiúcháin an Aontais le dálaí margaidh níos fabhraí agus géarú ar thorthaí an Aontais i gcomparáid le príomhbhannaí rialtais Eorpaigh le linn an tseimeastair. Thit an difreálach rátaí úis 10 mbliana idir Bannaí an Aontais agus ciseán 50/50 de bhannaí ceannasacha na Gearmáine/na Fraince ó 25 bhonnphointe ag tús an dara leath de 2024 go 12 bhonnphointe faoi mhí na Nollag 2024.

Rinne an Coimisiún bearta breise freisin chun tacú le feidhmiú agus leachtacht mhargadh Bhannaí an Aontais. I mí Dheireadh Fómhair 2024, sheol sé saoráid athcheannaigh le haghaidh Bhannaí an Aontais arb é is aidhm di tacú le príomhdhéileálaithe an Aontais agus luachana á mbreacadh acu le haghaidh Bhannaí an Aontais ar ardáin trádála leictreonacha.

Chuir na forbairtí móra sin ó thaobh an Aontais de, mar aon le comhdhlúthú eisiúintí an Aontais faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin, ar a gcumas do rannpháirtithe sa mhargadh tionscnaimh neamhspleácha a ghlacadh a d'fhéadfadh tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fheidhmiú mhargadh Bhannaí an Aontais. Sa dara leath de 2024, áiríodh leis sin conradh todhchaíochtaí innéacsbhunaithe ar Bhannaí an Aontais a sheoladh i mí na Nollag chomh maith le spéis athnuaite a fhógairt i gconradh todhchaíochtaí traidisiúnta (a shocraítear go fisiceach) a sheolfar in 2025 le príomhmhalartú Eorpach.

Ba bhuaicphointe eile é foilsiú eagrán 2024 den tuarascáil bhliantúil maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU sa dara leath de 2024. Cuirtear ar fáil inti faisnéis atá cothrom le dáta maidir le leithdháileadh na bhfáltas ó bhannaí glasa NGEU a eisiúint agus maidir leis na tionchair aeráide mheasta ionchasacha agus réadaithe. Doiciméadaítear sa tuarascáil (i) eisiúint mhéadaithe bhannaí glasa NGEU (a fhágann go bhfuil EUR 68.2 billiún i bhfiachas bhannaí glasa NGEU gan íoc), (ii) dul chun cinn maidir le cur chun feidhme caiteachais a bhaineann leis an aeráid arna mhaoiniú ag bannaí glasa NGEU, agus (iii) méadú ar chomhthiomsú chaiteachais incháilithe bhannaí glasa NGEU tar éis chlár REPowerEU a chomhtháthú (is fiú EUR 264 clár REPowerEU anois).

Ar deireadh, an 10 Nollaig 2024 d'fhógair an Coimisiún a phleanáil cistithe don chéad leath de 2025, lena n-áirítear sprioc suas le EUR 90 billiún i mbannaí a eisiúint idir mí Eanáir agus deireadh

[1] I gcomhréir leis an modheolaíocht leithdháilte costas mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1974 ón gCoimisiún.

mhí an Mheitheamh. Measfar go mbeidh leibhéal cistithe táscach EUR 160 billiún de Bhannaí an Aontais ann in 2025. Tabharfar ceantanna bannaí trí chéim isteach chomh luath leis an gcéad leath de 2025 chun eisiúint mhéadaithe bannaí fadtéarmacha a éascú. Chun riachtanais chistiúcháin an Aontais a chomhlánú, forlíonfar an cistiú fadtéarmach freisin trí fhiachas gearrthéarmach a eisiúint, agus trí Bhille nua 12 mhí an Aontais a thabhairt isteach freisin i mí Eanáir 2025.

2. Réamhrá

Tá cistí á bhfáil ar iasacht ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais Eorpaigh le breis agus 40 bliain anuas. Le 5 bliana anuas tháinig méadú suntasach ar eisiúint bhannaí an Aontais ós rud é go mbraitheann sé ar mhargaí caipitil chun cláir mhóra a mhaoiniú amhail SURE[2], Next Generation EU (NGEU), agus an tacaíocht don Úcráin (cúnamh macrairgeadais+ in 2023 agus an tSaoráid don Úcráin in 2024, agus an iasacht cúnaimh macrairgeadais faoin Sásra Comhair le haghaidh iasachtaí don Úcráin a bheidh ag tosú in 2025). An 31 Nollaig 2024, bhí fiachas iomlán an Aontais gan íoc díreach os cionn EUR 600 billiún, agus EUR 23.1 billiún de sin i bhfoirm Bhillí an Aontais.

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil leathbhliantúil seo[3] ar chur chun feidhme na n-oibríochtaí iasachtaíochta idir an 1 Iúil 2024 agus an 31 Nollaig 2024. Soláthraítear sa tuarascáil ionchas freisin le haghaidh eisiúint bhannaí an Aontais sa chéad leath de 2025. Ní dhéantar meastóireacht inti ar conas a úsáidtear na fáltais ó eisiúintí bhannaí an Aontais, lena n-áirítear úsáid le haghaidh caiteachas glas, ós rud é go gcumhdaítear an méid sin i dtuarascálacha ar leithligh faoi na rialacháin le haghaidh gach ionstraime[4].

Sa bhreis ar mholtaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) i mí an Mheithimh 2023[5], leis an iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo cuirtear táscairí i láthair ar féidir iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise uileghabhálaí um bainistiú fiach lena dtreoraítear cur chuige aontaithe cistiúcháin an Choimisiúin[6].

3. Cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta sa dara leath de 2024

Sa dara leath de 2024, lean an Coimisiún de chistiú a chruinniú sna margaí agus úsáid á baint as a chur chuige aontaithe cistiúcháin. Anuas ar na gealltanais eisíocaíochta uile a chomhlíonadh in am, lean méideanna agus aibíochtaí na mbannaí a eisíodh de bheith laistigh de na paraiméadair réamhshocraithe, agus bhí na téarmaí maoiniúcháin i gcomhréir leo sin de chuid eisitheora ar mhéid agus rátáil an Aontais. Cuirtear i láthair sna ranna thíos cuid de na príomh-chomhpháirteanna d'oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Choimisiúin sa dara leath de

[2] An Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE).

[3] Arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún, lena leagtar síos na socruithe maidir le cur chun feidhme an chur chuige aontaithe cistiúcháin le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais.

[4] Féach, mar shampla, na tuarascálacha bliantúla le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cúnamh Macrairgeadais agus an Tuarascáil maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU.

[5] Tuarascáil speisialta 16/2023:Bainistiú fiach NGEU ag an gCoimisiún agus Freagraí an Choimisiúin

[6] Is féidir teacht ar thuairisc ar an straitéis uileghabhálach um bainistiú fiach sa tuarascáil leathbhliantúil maidir le forghníomhú oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023, féach an ceathrú Tuarascáil leathbhliantúil maidir le forghníomhú oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais (europa.eu).


2024. Déantar tuilleadh táscairí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis chistiúcháin an Choimisiúin a phlé san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

FORGHNÍOMHÚ OIBRÍOCHTAÍ CISTITHE SA DARA LEATH DE 2024

I gcomhréir leis an bplean cistiúcháin don 1 Iúil go 31 Nollaig 2024, chruinnigh an Coimisiún EUR 64.3 billiún san iomlán i mBannaí an Aontais, agus meánaibíocht thart ar 12 bhliain acu (i gcomparáid le 14 bliana don chistiú a cruinníodh sa chéad leath de 2024). Le linn an dara leath de 2024, b'fhiú EUR 8 mbilliún eisiúint bhannaí glasa Next Generation EU, rud a fhágann gurb é EUR 68.2 billiún luach iomlán na mbannaí glasa gan íoc, rud a fhágann gurb é an tAontas an 5ú heisitheoir bannaí glasa is mó ar domhan.

D'úsáid an Coimisiún meascán de cheithre shindeacáitiú (58 % den mhéid a cruinníodh) agus ocht gceant (42 % den mhéid a cruinníodh), i gcomhréir leis an sprioc a fógraíodh. Eisíodh Bannaí an Aontais go tráthrialta le linn na tréimhse sé mhí, agus dálaí leachtachta an mhargaidh á gcur san áireamh agus láithreacht rialta sa mhargadh á háirithiú ag an am céanna.

Cairt 2: Cistiú a cruinníodh faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin



* Tharla an chéad dá idirbheart de Next Generation EU i mí an Mheithimh 2021. Áiríodh iad sin san fhigiúir do L2 2021 ós rud é go raibh siad mar chuid den phlean cistiúcháin céanna leis na hidirbhearta a tharla in L2 2021.

Na méideanna uile in EUR billiún

Leis na hidirbhearta sa dara leath de 2024, tugadh méid iomlán Bhannaí an Aontais gan íoc go EUR 578.2 billiún, agus eisíodh EUR 430.4 billiún de sin trí straitéis cistiúcháin aontaithe an Aontais, a seoladh i mí an Mheithimh 2021. Den mhéid deireanach sin, eisíodh EUR 68.2 billiún i bhfoirm bhannaí glasa Next Generation EU.

Sa dara leath de 2024, d'eisigh an Coimisiún Billí 3 mhí agus 6 mhí an Aontais freisin trí cheantanna dhá uair sa mhí chun riachtanais chistithe ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Ag deireadh mhí na Nollag 2024, bhí creidmheas EUR 23.1 billiún gan íoc ag an Aontas trí Bhillí an Aontais.

EISÍOCAÍOCHTAÍ

De bharr na n-idirbheart sin, lean an Coimisiún de phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a chistiú trí fháltais a eisíoc go tráthúil (laistigh de 6 lá oibre).

Ar an iomlán, sa dara leath de 2024 d'eisíoc an Coimisiún thart ar EUR 78.5 billiún san iomlán le haghaidh na mbeartas uile le chéile, a chistigh sé i bpáirt le cistí a cruinníodh cheana féin in L1 2024. As na cistí a cruinníodh le linn na tréimhse sin, eisíocadh EUR 72.2 billiún chun Next Generation EU a mhaoiniú. As an méid sin, úsáideadh EUR 61.7 billiún chun pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a mhaoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA). Dá réir sin, is féidir é sin a mhiondealú ina EUR 37.2 billiún i bhfoirm deontas do 15 Bhallstát agus EUR 24.5 billiún i bhfoirm iasachtaí do 9 mBallstát. Úsáideadh an EUR 10.5 billiún a bhí fágtha chun cláir arna mbainistiú ag an Aontas agus a fhaigheann tacaíocht ó Next Generation EU a mhaoiniú[7].

Ar an iomlán, ó bhí samhradh 2021 ann, tá EUR 375.4 billiún eisíoctha ag an gCoimisiún chun tacú le Next Generation EU. Cuimsítear leis sin EUR 197.4 billiún i ndeontais agus EUR 108.7 billiún in iasachtaí do na Ballstáit faoi STA agus EUR 69.3 billiún do chláir NGEU atá á mbainistiú ag an Aontas. As an EUR 375.4 billiún iomlán mar thacaíocht do NGEU, maoiníodh EUR 365.8 billiún trí fhiachas a eisiúint[8].

I dteannta eisíocaíochtaí NGEU, d'eisíoc an Coimisiún EUR 5.2 billiún leis an Úcráin le linn an dara leath de 2024 faoin tSaoráid don Úcráin, rud a fhágann gurb é EUR 13.1 billiún an méid iomlán a eisíocadh faoin tSaoráid don Úcráin in 2024. Le linn an dara leath de 2024, le heisiúint Bhannaí an Aontais, maoiníodh iasachtaí cúnaimh macrairgeadais dar luach EUR 1 bhilliún don Éigipt agus EUR 95 mhilliún don Mholdóiv.

ÉILEAMH INFHEISTEOIRÍ AGUS LEACHTACHT MARGAIDH THÁNAISTIGH


Lean eisiúintí Bhannaí an Aontais de leas a bhaint as éileamh ó bhonn infheisteoirí domhanda atá cothrom agus éagsúlaithe[9].

[7] Áirítear orthu an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), Fís Eorpach, Ciste InvestEU, ReactEU, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus an Ciste um Aistriú Cóir.

[8] Bhí EUR 9.6 billiún breise i gcaiteachas NGEU maoinithe ag foinsí eile (i.e. an Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit).

[9] Go dtí seo, mheall Bannaí an Aontais arna n-eisiúint trí shindeacáití níos mó ná 1 900 infheisteoir éagsúil as níos mó ná 70 tír éagsúil san iomlán. Tháinig níos mó ná 65 % den infheistíocht i sindeacáití bhannaí an Aontais ó infheisteoirí atá lonnaithe san Aontas, agus tháinig beagnach 20 % di ó infheisteoirí idirnáisiúnta a oibríonn ón Ríocht Aontaithe. Tháinig an chuid a bhí fágtha ó infheisteoirí idirnáisiúnta san Áise nó i dtíortha Eorpacha eile nach tíortha den Aontas iad amhail an Iorua agus an Eilvéis. Tá os cionn 65 % de bhannaí an Aontais a eisíodh faighte ag infheisteoirí ceannaigh agus coinnigh (i.e. bainisteoirí cistí, cuideachtaí árachais, cistí pinsin agus bainc cheannais / institiúidí oifigiúla). Tá ionadaíocht mhaith ann freisin ar infheisteoirí ar mian leo aibíochtaí éagsúla a bheith acu. Is iad bainc cheannais / institiúidí oifigiúla agus státchistí bainc (ar fearr leo infheistiú i mbannaí le haibíochtaí suas le 10 mbliana de ghnáth) a cheannaíonn 47 % de Bhannaí an Aontais sna bunmhargaí in idirbhearta sindeacáite agus is cistí pinsin agus cuideachtaí árachais (ar fearr leo aibíochtaí os cionn 10 mbliana) a cheannaíonn os cionn 20 % díobh.

Cairt 3: Miondealú ar Infheisteoirí in idirbhearta sindeacáite a forghníomhaíodh in L2 2024




Bhí préimh nua-eisiúna[10] arna héileamh ag infheisteoirí mar lamháltas nuair a eisíonn an tAontas bannaí trí shindeacáitiú ag thart ar 2.1 bonnphointe ar an meán sa dara leath de 2024. Cé go raibh sé sin níos airde ná na leibhéil sa chéad leath de 2024 (nuair a bhí an mheánphréimh nua-eisiúna thart ar 1.2 bonnphointe), d'fhan leibhéil L2 2024 i gcomhréir le lamháltais eisitheoirí eile ar idirbhearta inchomparáide (arna dtomhas de réir méide agus aibíochta), rud a léiríonn luaineacht níos airde sa tríú ráithe de 2024.

An tráth céanna, bhí leachtacht margaidh thánaistigh Bhannaí an Aontais in L2 2024 beagán níos airde ná mar a bhí in L1 2024. Lean na socruithe luachana atá i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2023 (trí phríomhdhéileálaithe an Aontais a spreagadh chun praghsanna iontaofa Bhannaí an Aontais a bhreacadh ar na príomhardáin trádála bannaí leictreonacha) de thacaíocht a thabhairt do leachtacht Bhannaí an Aontais. Ó tugadh isteach na socruithe luachana sin, tá méideanna trádála laethúla Bhannaí an Aontais ar an bpríomhardán trádála leictreonaí i bhfad os cionn EUR 800 milliún ar an meán agus tá buaicphointí laethúla os cionn EUR 2 bhilliún ann.

[10] Is é atá sa phréimh nua-eisiúna sin préimh a íocann an t-eisitheoir chun a chur ina luí ar infheisteoirí a bhannaí a cheannach sa bhunmhargadh seachas sa mhargadh tánaisteach.

Thacaigh an Coimisiún freisin le leachtacht chuar bhannaí an Aontais trí línte atá ann cheana a thapáil, chomh maith le línte nua a chruthú chun freastal ar riachtanais an chláir agus ar éileamh na n-infheisteoirí. Dá thoradh sin, d'fhan an meánmhéid gan íoc in aghaidh Bhanna an Aontais ag thart ar EUR 14.8 billiún ag deireadh 2024, níos airde ná EUR 13 bhilliún ag deireadh L1 2024. Seoladh línte nua 5 bliana agus 7 mbliana sa dara leath de 2024 freisin.

Cairt 4: Láimhdeachas ráithiúil margaidh thánaistigh bhannaí an Aontais agus na mbannaí rialtais Eorpacha (% den mhéid gan íoc)



Foinse: An Coimisiún Eorpach bunaithe ar shonraí ón bhFochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais Eorpaigh (ESDM) den Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.
Tabhair faoi deara: Le margadh na mbannaí rialtais Eorpacha anseo cuimsítear bannaí arna n-eisiúint ag ceannasaigh an limistéir euro, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Níl sonraí ar fáil fós le haghaidh R3 ná R4 2024.

4. Costas an chistithe agus iarmhéideanna leachtachta

COSTAS AN CHISTITHE

Leis an modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, cuirtear ar chumas an Choimisiúin costais an chistithe a ghearrtar ar thairbhithe (buiséad an Aontais nó tairbhithe iasachta) a nascadh leis na coinníollacha a fuarthas sa mhargadh nuair a maoiníodh na heisíocaíochtaí[11]. Ina theannta sin, ón 30 Meán Fómhair 2024 ar aghaidh, ceadaítear leis an modheolaíocht sin costais iasachtaíochta a leithdháileadh ar bhonn clárbhunaithe. Léiríonn sé sin an líon méadaithe clár beartais arna gcistiú ag an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin.

I gcomhréir leis an modheolaíocht sin, meastar gurb é 2.97 % an costas cistiúcháin le haghaidh íocaíochtaí NGEU san urrann ama idir mí Iúil agus mí na Nollag 2024 ('TC7' sa tábla thíos), i gcomparáid le 3.19 % don urrann ama 6 mhí roimhe sin. Ba é 2.68 % costas an chistithe le haghaidh eisíocaíochtaí faoin tSaoráid don Úcráin agus faoi chlár cúnaimh macrairgeadais don Éigipt ag deireadh mhí na Nollag 2024. Léiríonn na costais chistiúcháin níos ísle le haghaidh na mbeartas sin i gcomparáid le Next Generation EU gur féidir iad a chistiú trí úsáid a bhaint as bannaí a bhfuil meánaibíochtaí níos giorra acu ná na bannaí sin a úsáidtear chun NGEU a mhaoiniú, toisc nach mór do phróifíl aisíocaíochta NGEU (agus dá bhrí sin meánaibíochtaí) an uasteorainn thiomnaithe shealadach 'acmhainní dílse' a urramú.

Cairt 5: Costas an chistithe

Next Generation EU	TC1	TC2	TC3	TC4	TC5	TC6	TC7
	0.15 %	1.38 %	2.61 %	3.27 %	3.63 %	3.19 %	2.97 %

An tSaoráid don Úcráin
2.68 %

Cúnamh macrairgeadais don Éigipt
2.68 %

[11] I gcás Next Generation EU, leithdháiltear na costais úis a tabhaíodh ar bhuiséad an Aontais agus na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún agus sa dá chinneadh a tháinig ina diaidh sin; Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/9701 ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1974 ón gCoimisiún. Leis an modheolaíocht sin, déantar idirdhealú idir trí chatagóir costais éagsúla: (i) costas an chistithe chun eisíocaíochtaí iasachta agus tacaíocht neamh-inaisíoctha a mhaoiniú arna ríomh d'urranna ama 6 mhí, (ii) an costas a bhaineann le leachtacht a choinneáil agus a bhainistiú, agus (iii) costais riaracháin. Bhíothas in ann an t-urrannú in aghaidh an chláir a dhéanamh ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2024/1974 ón gCoimisiún i bhfeidhm sa dara leath de 2024. Chun aon éifeacht chúlghabhálach a sheachaint, tá cláir a cistíodh agus a eisíocadh roimh chur chun feidhme na modheolaíochta sin (amhail iasachtaí cúnaimh macrairgeadais+ don Úcráin agus maoiniú eisceachtúil idirlinne faoin tSaoráid don Úcráin) fós comhthiomsaithe le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe NGEU faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin.

Léirigh an laghdú breise ar chostais chistiúcháin le linn an dara leath de 2024 dálaí margaidh níos leithne agus géarú ar thorthaí bhannaí an Aontais i gcoinne thorthaí na mbannaí rialtais Eorpacha le linn na tréimhse 6 mhí. Tháinig laghdú thart ar 33 bhonnphointe ar rátaí úis ar Bhannaí an Aontais le linn an dara leath de 2024, titim ó 3.23 % an 1 Iúil 2024 go 2.90 % an 31 Nollaig 2024 le haghaidh banna 10 mbliana. Thacaigh na trí chiorrú ráta úis 25 bhonnphointe a rinne an Banc Ceannais Eorpach le linn an dara leath de 2024 leis na forbairtí sin. Ghéaraigh na raonta difríochta toraidh idir an tAontas agus formhór eisitheoirí na mbannaí rialtais Eorpacha le linn an dara leath de 2024. Mar shampla, thit an difreálach rátaí úis 10 mbliana idir Bannaí an Aontais agus ciseán 50/50 de bhannaí ceannasacha na Gearmáine/na Fraince ó thart ar 25 bhonnphointe ag tús an tseimeastair go 12 bhonnphointe ag deireadh an tseimeastair.

Cairt 6: Torthaí Bhannaí 10 mbliana an Aontais



BAINISTIÚ LEACHTACHTA

Choinnigh an Coimisiún láithreacht thráthrialta agus intuartha ar bun sna margaí airgeadais i gcomhréir leis an bplean cistiúcháin a fógraíodh i mí an Mheithimh 2024. Le linn an dara leath de 2024, tháinig méadú ar mheánsealúchais leachtachta i gcomparáid leis an gcéad leath de 2024, go príomha mar gheall ar eisíocaíochtaí a bhí comhchruinnithe ag deireadh 2024 agus ag tús 2025. Mar thoradh air sin, ba é EUR 50.7 billiún an meánsealúchais airgid sa dara leath den bhliain, i gcomparáid le EUR 28.2 billiún sa chéad leath de 2024. Thit sealúchais airgid go EUR 33.8 billiún ag tús 2025, tar éis buaicphointe EUR 76.9 billiún a bhaint amach ag tús mhí na Nollag 2024 (roimh eisíocaíochtaí de bheagnach EUR 43 bhilliún sna trí seachtaine ina dhiaidh sin). Tarraingeofar ar iarmhéideanna airgid dheireadh na bliana atá fágtha ag tús 2025 chun na riachtanais eisíocaíochta atá beartaithe a chomhlíonadh.

Ní raibh costais le haghaidh na gclár a dtacaítear leo i gceist mar thoradh ar na sealúchais leachtachta sin. Os a choinne sin, bhí sealúchais bhreise airgid faoi réir bainistíocht ghníomhach leachtachta le linn L2 2024 chun torthaí ar shealúchais airgid a bharrfheabhsú gan aon riosca contrapháirtí a thabhú. Tuilleadh glanioncam EUR 58.1 milliún ar na sealúchais airgid ó mhí Iúil go mí na Nollag 2024 trí thacaíocht ag an mbainistíocht ghníomhach leachtachta. Carntha leis an tuilleamh sa chéad leath de 2024, ba é EUR 139.9 milliún an tuilleamh bliantúil ar shealúchais leachtachta ag deireadh na bliana. Roinnfear an t-ioncam sin go comhréireach idir buiséad an Aontais agus tairbhithe na n-iasachtaí, go háirithe na Ballstáit faoi chlár iasachta STA.

5. Bearta chun éiceachóras bhannaí an Aontais a fhorbairt a thuilleadh

I mí Dheireadh Fómhair 2024, sheol an Coimisiún saoráid comhaontaithe athcheannaigh le haghaidh Bhannaí an Aontais, rud a chuireann ar a chumas don Aontas an deis a thabhairt dá phríomhdhéileálaithe Bannaí sonracha an Aontais a fhoinsiú ar bhonn sealadach. Is é is aidhm don tsaoráid cuidiú le príomhdhéileálaithe an Aontais luachana daingne agus poiblí a bhreacadh ar Bhannaí an Aontais ionas gur féidir le hinfheisteoirí a bheith muiníneach as na téarmaí ar ar féidir

leo Bannaí an Aontais a thrádáil sa mhargadh tánaisteach, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht agus leachtacht mhargadh Bhannaí an Aontais.

Leanann cruthú na saoráide comhaontaithe athcheannaigh go leor eisitheoirí móra a chuireann an tseirbhís sin ar fáil dá bpríomhdhéileálaithe agus is céim nádúrtha eile í chun éiceachóras an mhargaidh do Bhannaí an Aontais a dhoimhniú. Le seoladh na scéime, chomhlíon an tAontas an ceann deireanach de na gealltanais a tugadh i mí na Nollag 2022 maidir leis na céimeanna chun acmhainneacht a fhorbairt chun tacú le margadh Bhannaí an Aontais.

Le forbairt leanúnach an éiceachórais le haghaidh bhannaí an Aontais, mar aon le comhdhlúthú méideanna cistiúcháin faoin gcur chuige aontaithe cistiúcháin (atá i bhfeidhm ó bhí mí Eanáir 2023 ann), cuireadh ar a gcumas do rannpháirtithe sa mhargadh tionscnaimh neamhspleácha a ghlacadh a d'fhéadfadh tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fheidhmiú mhargadh Bhannaí an Aontais.

Áiríodh leis na tionscnaimh neamhspleácha sin conradh todhchaíochtaí a sheoladh bunaithe ar innéacs Bhannaí an Aontais i mí na Nollag 2024. D'fhógair malartú Eorpach ceannródaíoch go bhfuil spéis athnuaite aige i dtodhchaí thraidisiúnta Bhannaí an Aontais (a shocraítear go fisiceach) a sheoladh ar an margadh le linn 2025. Le hinfhaighteacht na gconarthaí todhchaíochtaí sin, tacófar a thuilleadh le hinfheistíocht i mBannaí an Aontais trí chead a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh suíomhanna oscailte ar Bhannaí an Aontais a fhálú agus measúnú a dhéanamh ar ionchais an mhargaidh maidir le praghsáil bhannaí an Aontais. Lean soláthraithe innéacsanna de mhachnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun Bannaí an Aontais a aicmiú in innéacsanna éagsúla agus an dara bainisteoir innéacs á chur in iúl, tar éis dul i gcomhairle le húsáideoirí innéacs, nach raibh sé réidh fós Bannaí an Aontais a áireamh ina innéacsanna ceannasacha ábhartha, ach go ndéanfadh sé athmheasúnú ar an staid níos déanaí.

6. Garspriocanna eile sa dara leath de 2024

TUARASCÁIL MAIDIR LE LEITHDHÁILEADH AGUS TIONCHAR BHANNAÍ GLASA NGEU 2024

3 bliana tar éis eisiúint na chéad bhannaí glasa i mí Dheireadh Fómhair 2021, níos mó ná EUR 68 mbilliún a bhí in eisiúintí bhannaí glasa NGEU ag deireadh 2024. Eisíodh na bannaí sin ar bhonn caiteachas EUR 53 bhilliún a bhí tuairiscithe agus bailíochtaithe cheana féin agus a bhaineann leis an aeráid agus ar bhonn comhthiomsú iomlán EUR 264 bhilliún de chaiteachas a bhaineann leis an aeráid atá i bpleananna na mBallstát arna gcistiú ag STA.

I gcomhréir le ceanglais tuairiscithe chreat bhannaí glasa NGEU, d'fhoilsigh an Coimisiún a eagrán 2024 den Tuarascáil bhliantúil maidir le Leithdháileadh agus Tionchar Bhannaí Glasa Next Generation EU i mí na Samhna.

Léirítear sa tuarascáil (bunaithe ar scoithdháta an 1 Lúnasa 2024) gur:

- Mhéadaigh comhthiomsú chaiteachas incháilithe bhannaí glasa NGEU go EUR 264.6 billiún in 2024, méid atá beagnach 40 % níos airde ná mar a bhí in 2023. Ba é ba chúis leis an méadú sin den chuid is mó caiteachas níos airde a bhaineann leis an aistriú aeráide tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát chun Plean REPowerEU a chur san áireamh.
- Tá comhthiomsú bhannaí glasa NGEU fós ailínithe go láidir le Tacsanomaíocht an Aontais; le 63.4 % de chomhthiomsú iomlán chaiteachas incháilithe bhannaí glasa NGEU a measadh a bheith ailínithe go hiomlán nó go substaintiúil le méadrachtaí tacsanomaíochta an Aontais (i gcomparáid le 57.5 % in 2023).
- Le leathadh amach iomlán na n-infheistíochtaí arna maoiniú ag bannaí glasa NGEU, táthar ag súil go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an Aontais faoi 55 mhilliún tona in aghaidh na bliana, ar fiú 1.5 % d'astaíochtaí GCT uile an Aontais é.

Ag féachaint chun cinn, eiseofar bannaí glasa NGEU níos mó agus níos mó ag an am céanna a thuairiscíonn agus a bhailíochtaíonn na Ballstáit speansais incháilithe. I gcás speansais a dheimhnítear tar éis 2026, féadfaidh an Coimisiún bannaí glasa NGEU a eisiúint chun iad a chur in ionad bannaí traidisiúnta atá ag teacht in aibíocht le linn na céime athmhaoiniúcháin. Áirithítear leis an gcur chuige sin go bhfíorófar an caiteachas incháilithe uile go hiomlán sula n-eiseofar na bannaí.

7. Ionchas eisiúna don chéad leath de 2025

An 10 Nollaig 2024, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige suas le EUR 90 billiún i mBannaí an Aontais a eisiúint sa chéad leath de 2025, an sprioc chistiúcháin leathbhliantúil is airde a bhí ann ó seoladh an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe in 2021. Bunaithe ar réamhaisnéisí eisíocaíochta, tá an tAontas ag súil le cistiú EUR 160 billiún a fháil in 2025 trí Bhannaí an Aontais a eisiúint. Léiríonn na riachtanais chistiúcháin sin an raon leathan clár beartais de chuid an Aontais atá ann cheana agus atá nua agus a mhaoinítear leis na fáltais ó Bhannaí an Aontais, a leathnaíodh in L2 2024 chun iasacht eisceachtúil cúnaimh macrairgeadais nua dar luach EUR 18.1 billiún don Úcráin a áireamh i gcomhthéacs chomhaontú G7 agus tacaíocht nua d'iarrthóirí méadaithe faoi Shaoráid Infheistíochta na mBalcán Thiar agus tíortha comharsanachta (amhail an Éigipt agus an Iordáin).

Déanfar méideanna a chruinneofar trí Bhannaí an Aontais a eisiúint a fhorlíonadh le cistiú gearrthéarmach trí Bhillí an Aontais agus trí uirlisí cistiúcháin gearrthéarmacha eile. Éascófar méideanna méadaithe Bhillí an Aontais trí cheantanna Billí trí chéim a thabhairt isteach agus trí líne nua Bhillí 12 mhí an Aontais a sheoladh i mí Eanáir 2025, sa bhreis ar na línte 3 mhí agus 6 mhí atá ann cheana.

I gcomhréir leis an sprioc chistiúcháin mhéadaithe, táthar ag súil freisin go n-eiseofar níos mó bannaí trí cheantanna le linn na chéad leithe de 2025, agus an sciar ceantála á choinneáil cobhsaí. Éascófar an méadú sin trí cheantanna bannaí trí chéim a thabhairt isteach le linn na chéad leithe de 2025. Ar an gcaoi chéanna, tá an Coimisiún ag obair i dtreo leithdháiltí ceant neamhiomaíocha a thabhairt isteach ('rogha i ndáil le méadú soláthair') chun méid breise teoranta bannaí ceantáilte a leithdháileadh díreach tar éis ceant. Baineann go leor cláir ceantanna ceannasacha úsáid as an ngné bhreise sin freisin chun dreasacht a thabhairt dá bpríomhdhéileálaithe tacú le ceantanna, trí chead a thabhairt dóibh bannaí breise a fháil ar théarmaí fabhracha má théann an praghas margaidh iarcheant chun tairbhe dóibh. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún leithdháiltí neamhiomaíocha a chur chun feidhme mar chuid den phlean cistiúcháin don dara leath de 2025.

Iarscríbhinn: Táscairí cur chun feidhme maidir le húsáid na modhanna chun cuspóirí éifeachtúlachta agus éifeachtachta uileghabhálacha na straitéise um bainistiú fiach an Choimisiúin a bhaint amach

Modh		Táscaire	Luach in L2 2024 (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)	Trácht ar fhorghníomhú in L2 2024
Cur chun feidhme chlár bhannaí an Aontais	a) Eisiúintí tráthrialta ar fud an chuair Eisiúintí tráthrialta bhannaí an Aontais (agus bannaí glasa NGEU) sna haibíochtaí uile ar fud an chuair (suas le 30 bliain) chun deiseanna infheistíochta a chur ar fáil do chineálacha éagsúla infheisteoirí mar bhealach chun éileamh láidir infheisteoirí a choinneáil ar bun agus dá réir sin an tsolúbthacht chun méideanna eisiúna agus aibíochtaí a chinneadh le haghaidh idirbhearta aonair bunaithe ar dhálaí an mhargaidh.	*i. Scoilt aibíochta an chláir eisiúna*	1-4 bliana: 15 % 4-8 mbliana: 37 % 8-12 bhliain: 10 % 12-17 mbliana: 12 % 17-23 bliana: 8 % 23-31 bhliain: 17 %	In L2 2024 shaothraigh an Coimisiún a chuspóir trí eisiúintí bannaí tráthrialta ar fud aibíochtaí éagsúla chun leachtacht a sholáthar do chuar an Aontais ar na deighleoga uile. Leathadh na hidirbhearta cistithe le linn na tréimhse 6 mhí chun láithreacht thráthrialta a áirithiú sa mhargadh. Bhí níos lú idirbheart ann ná mar a bhí in L1 2024, ós rud é go raibh sprioc chistiúcháin L2 2024 de suas le EUR 65 bhilliún níos ísle ná sprioc chistiúcháin L1 2024 de EUR 75 bhilliún. Bhí eisiúint bannaí glasa beagáinín níos ísle ná mar a bhí sa chéad leath de 2024, ag léiriú na sprice cistiúcháin níos ísle, na caiteachais ghlasa charnacha a tuairiscíodh ó na Ballstáit, agus an calabrú iomchuí ar eisiúintí bannaí glasa chuig na caiteachais sin.
		ii. Dáileadh tráthúil eisiúintí	Ceithre shindeacáitiú agus sé cheant bannaí, rud a fhágann go ndéantar dhá eisiúint in aghaidh na míosa.	
		iii. Eisiúintí glasa[12]	EUR 8 bhilliún trí bhannaí an Aontais 2043 agus 2050 a thapáil.	
	b) Cothromaíocht chuí de cheantanna agus sindeacáití a bhaint amach Teicnící cistithe éagsúla a úsáid agus cothromaíocht chuí ann, de réir na méideanna eisiúna iomlána agus dhálaí an mhargaidh, chun rioscaí forghníomhaithe a bhainistiú, feabhas a chur ar leachtacht an mhargaidh thánaistigh agus feabhas a chur ar chostais iasachtaíochta.	*i. Ceant scoilte / sindeacáitiú in %*	42 % d'eisiúintí bannaí trí cheant.	In L2 2024, d'eisigh an Coimisiún 42 % de bhannaí an Aontais trí cheant, i gcomhréir leis an gcion in L1 2024.
	c) Bannaí tagarmhairc móra agus leachtacha a bhunú Bannaí an Aontais a thapáil chun an méid atá gan íoc de línte éagsúla a thabhairt chuig leibhéil atá i gcomhréir le línte tagarmhairc móra agus leachtacha.	*i. Eisiúintí trí bhannaí nua in aghaidh an mhéid a eisíodh trí thapálacha*	• EUR 10 billiún trí bhannaí nua • EUR 54.2 billiún trí thapálacha	Chun tacú le leachtacht urrúis an Aontais, d'úsáid an Coimisiún a idirbhearta chun na línte cistithe atá ann cheana a thapáil, agus slógadh thart ar 84 % den mhéid cistithe trí thapálacha. Seoladh línte cistithe nua chun línte tagarmhairc nua a
		ii. An luas a bhaineann le bannaí nua a thapáil[13]	2 mhí	

[12] Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise maidir le bannaí glasa NGEU i ndeais bhannaí glasa NGEU: Deais (europa.eu)

[13] Bunaithe ar an meánlíon míonna idir eisiúint nua agus an chéad tapáil agus na línte nua a tapáladh le linn L2 2024 á mbreithniú.

Modh		Táscaire	Luach in L2 2024 (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)	Trácht ar fhorghníomhú in L2 2024
		iii. *Meánmhéid na mbannaí gan íoc*[14]	Thart ar 15 bhilliún	sholáthar don mhargadh i gcás inar gá ar an gcuar, agus bunaithe ar mholtaí phríomhdhéileálaithe an Aontais. Seoladh bannaí nua 5 bliana agus 7 mbliana sa dara leath de 2024. Dá thoradh sin, tháinig méadú imeallach ar mheánmhéid gan íoc in aghaidh an bhanna go dtí thart ar EUR 15 bhilliún faoi dheireadh mhí na Nollag 2024, rud a d'áirithigh leachtacht chomhsheasmhach na mbannaí.
		iv. *Láimhdeachas i gcoibhneas le méid na heisiúna*	Tuairim agus 155 % in L2 2024 i gcomparáid le 139 % in L1 2024	
		v. *Dearbh-láimhdeachas*	EUR 894 billiún i L2 2024 i gcomparáid le EUR 714 billiún i L1 2024	
	d) Próifíl aibíochta eisiúintí bhannaí an Aontais a bhainistiú agus aird chuí á tabhairt ar an méid seo a leanas: • an lamháil bhreise shealadach (le haghaidh iasachtaíocht a bhaineann le NGEU) agus lamháil bhuan (le haghaidh cúnamh macrairgeadais+) faoi Bhuiséad an Aontais Eorpaigh • eisíocaíochtaí a fhuascailt amach anseo in aon bhliain ar leith • riachtanais maidir le tar-rolladh a bheith cobhsaí amach anseo • an gá le rátáil an Aontais a chosaint chun costais iasachtaíochta ísle san fhadtéarma agus éileamh láidir óna bhonn príomhinfheisteoirí a áirithiú.	i. *Meánaibíocht na heisiúna*	Thart ar 12 bhliain	In L1 2024, bhí meánaibíocht 12 bhliain ag eisiúintí Bhannaí an Aontais. Leis sin léiríodh an gá leis an bpróifíl fuascailtí a leathadh le himeacht ama agus, an tráth céanna, infheisteoirí a mhealladh chuig idirbhearta i mbunmhargadh an Aontais. Lean an mheánaibíocht de bheith faoin meánaibíocht uasta de 17 mbliana a leagtar amach sa chinneadh bliantúil iasachtaíochta le haghaidh 2024. Lean meánaibíocht an fhiachais gan íoc de bheith cobhsaí (ag thart ar 12 bhliain). Lean an t-athmhaoiniú de bheith cobhsaí freisin, léiriú ar na heisiúintí roimhe sin agus bhain sé leis an bpróifíl fuascailtí.
		ii. *Meánaibíocht an fhiachais gan íoc*	Thart ar 12 bhliain	
		iii. *Athmhaoiniú sa ghearrthéarma, i.e. céatadán den stoc bannaí agus billí gan íoc a aibíonn sa chéad 12 mhí eile*	Níos lú ná 10 %	
		iv. *Athmhaoiniú sa mheántéarma, i.e. céatadán den stoc bannaí agus billí gan íoc a aibíonn sna chéad 5 bliana eile*	Níos lú ná 37 %.	
Cur chun feidhme Chlár Bhillí an Aontais	Billí an Aontais ag a bhfuil aibíochtaí suas le 1 bhliain a eisiúint go tráthrialta trí cheant chun infheisteoirí breise a mhealladh (nó punanna breise de na hinfheisteoirí atá ann cheana) agus tacú le bainistiú leachtachta.	i. *Méid gan íoc de Bhillí an Aontais*	EUR 20-25 bhilliún	Tháinig méadú ar fhiachas gan íoc faoi chlár Bhillí an Aontais ó thart ar EUR 20 billiún go dtí thart ar EUR 25 bhilliún le linn na tréimhse mar chuid d'fhorbairt an chláir chun leachtacht bhreise a sholáthar nuair is gá.
		ii. *Líon cheantanna Bhillí an Aontais*	10	
Bainistiú	Tiomsú leachtachta a bhainistiú bunaithe	i. *An líon clistí íocaíochta*	Dada	Chomhlíon an Coimisiún na riachtanais eisíocaíochta uile

[14] Bannaí gan íoc thar an líon bannaí amhail ag deireadh L2 2024, bunaithe ar bhannaí arna n-eisiúint faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.

Modh		Táscaire	Luach in L2 2024 (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)	Trácht ar fhorghníomhú in L2 2024
leachtachta	ar oibleagáidí íocaíochta, riachtanais eisíocaíochta agus na costais sealbhaíochta airgid, agus aird chuí á tabhairt ar dhálaí an mhargaidh atá i réim.	*de dheasca easpa leachtachta*		agus ní raibh aon chliseadh socraíochta ann le linn an dara leath de 2024.
Líonra na bpríomhdhéileálaithe	Raon leathan institiúidí airgeadais a mhealladh le tiomantas láidir chun tacú le heisiúintí an Aontais.	i. *An líon institiúidí a shínigh gealltanais frithgheallta le haghaidh idirbhearta le 6 mhí anuas*	15 (i gcomparáid le 19 in L1 2024)	Lean príomhdhéileálaithe an Aontais de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus bhí uaníocht ag an sindeacáitiú ina cuidiú ag an gCoimisiún chun an úsáid is fearr a bhaint as na bainc uile atá incháilithe chun bheith ina gcuid de shindeacáit.
Cumarsáid le geallsealbhóirí agus piareisitheoirí éagsúla sa mhargadh	An t-iontaobhas a choinneáil ar bun agus a chothú leis an mbonn infheisteoirí, le rannpháirtithe sa mhargadh agus le piareisitheoirí chun tacú leis an éileamh ar fhiachas an Aontais agus feabhas a chur ar thuiscint an Aontais ar dhinimic an mhargaidh agus riachtanais infheisteoirí.	i. *Diallais ó na huainithe réamhfhógartha chun pleananna cistiúcháin a fhoilsiú*	Dada	Choinnigh an Coimisiún cumarsáid thráthrialta agus intuartha ar bun leis na margaí, i gcomhréir le fógraí roimhe sin. Le linn an dara leath de 2024, tharla leithdháileadh laghdaithe de EUR 1 bhilliún de bharr gur daingníodh dálaí maoiniúcháin tarraingteacha sna ceantanna bannaí. D'fhoilsigh an Coimisiún staidreamh infheisteoirí go tráthrialta a d'fhan cobhsaí, agus lean a bhonn infheisteoirí éagsúlaithe de bheith ag méadú.
		ii. *Diallas ó na méideanna a fógraíodh sa phlean cistiúcháin*	Níos lú ná EUR 1 bhilliún nó níos lú ná 2 % (i gcomparáid le níos lú ná 2 % in L1 2024).	
		iii. *Staidreamh dáileacháin infheisteoirí*	In aghaidh an chineáil: bainc cheannais/institiúidí oifigiúla 25.1 %, bainisteoirí cistí 22.5 %, státchistí bainc 21.9 %, cistí árachais agus pinsin 20.5 %, bainc 7.3 %, cistí fálaithe 2.6 % In aghaidh na tíre/an réigiúin: An Ríocht Aontaithe 19.4 %, tíortha Nordacha 12.4 %, an Fhrainc 11.7 %, Benelux 9.2 %, an Iodáil 8.8 %, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise 8.2 %, an Ghearmáin 8.1 %, an Ibéir 7.9 %, tíortha eile san Aontas 7.4 %, tíortha eile san Eoraip, tíortha nach tíortha den Aontas iad 2.6 %, Críocha Mheiriceá 2.2 %, an Meánoirthear agus an Afraic	

Modh		Táscaire	Luach in L2 2024 (mura gcuirtear a mhalairt in iúl)	Trácht ar fhorghníomhú in L2 2024
			2.0 %	